CINNEADH (CBES) 2021/814 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Bealtaine 2021

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/915 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Bealtaine 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/915 ([1]).

(2) An 30 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1134 ([2]), lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/915 agus lena gcuirtear síneadh le tréimhse cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) An 31 Márta 2021, d'iarr Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle, agus an 6 Aibreán 2021, d'iarr Expertise France, ina gcáil faoi seach mar Ghníomhaireachtaí Cur Chun Feidhme, údarú ón Aontas chun síneadh a chur, an dara huair, le cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle, go dtí an 31 Eanáir 2022, mar gheall ar dhúshláin leanúnacha a eascraíonn as paindéim COVID-19.

(4) Níl aon impleacht maidir le hacmhainní airgeadais mar thoradh ar leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2017/915 go dtí an 31 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2017/915:

"*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh sé in éag an 31 Eanáir 2022.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. SANTOS SILVA

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1134 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/915 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 247, 31.7.2020, lch. 24).